

Scéim Deontas Cholmcille

Tá sé mar aidhm ag an scéim seo caidreamh a chothú idir pobail teanga Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann agus Gaeilge na hAlban agus na hÉireann a neartú tríd an chaidreamh seo. Beidh dhá bhabhta den scéim deontas ann in 2020.

Colmcille 1500

Ón 7 Nollaig 2020 go dtí an 7 Nollaig 2021 beidh comóradh ar 1500 bliain ó rugadh Naomh Colmcille, a bhunaigh Mainistir Oileán Í. Is siombail é Colmcille den chomhoibriú idir tíortha sna hoileáin seo. Chomh maith leis na gnáthchritéir, beidh fáilte roimh iarratais a thógann feasacht ar oidhreacht Naomh Colmcille agus a thugann daoine le chéile, go háirithe idir Éire agus Albain.

Babhta 1

- Spriocdháta Dé Luain 20 Aibreán 2020
- Iarratais le haghaidh tionscadail a gcuirfear tús leo in 2020
- Uasteorainn €12,000/£10,800

Babhta 2

- Spriocdháta Déardaoin an 12 Deireadh Fómhair 2020
- Iarratais le haghaidh tionscadail a gcuirfear tús leo in 2020/2021
- Uasteorainn €12,000/£10,800

Is féidir iarratas a dhéanamh ar suas le 80% de chostais uile an tionscadail. Tá an scéim oscailte d'eagraíocht ar bith atá i ríocht an caidreamh a chur chun cinn, agus a bhfuil an cháipéisíocht chuí acu.

Cúlra

Comhpháirtíocht idir Foras na Gaeilge agus Bòrd na Gàidhlig is ea Colmcille, agus tá an dá eagraíocht ag comhoibriú le tosaíocht an tionscnaimh a bhaint amach in Albain agus in Éirinn.

Aidhmeanna

- Caidreamh a chothú idir pobail labhartha Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann
- Gaeilge na hAlban agus na hÉireann a neartú tríd an chaidreamh seo

Scéim Deontas Cholmcille

Cuirfimid fáilte roimh iarratais ar son tionscadail a chuirfidh ceann amháin, ar a laghad, de na tosaíochtaí a leanas chun cinn:

- Scileanna teanga – Gaeilge na hAlban in Éirinn nó Gaeilge na hÉireann in Albain
- Cainteoirí Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann a thabhairt le chéile
- Caidreamh a chothú idir pobail labhartha Ghaeilge na hAlban agus na hÉireann
- Úsáid agus comhthuiscint teanga a éascú nuair atá Gaeilge na hAlban agus na hÉireann á labhairt ag an aon ócáid amháin
- Dea-chleachtas a roinnt san fhorbairt teanga nó san fhorbairt pobal teanga
- Feasacht ar theanga agus ar chultúr Ghaeilge na hÉireann a chur chun cinn in Albain agus feasacht ar theanga agus ar chultúr Ghaeilge na hAlban a chur chun cinn in Éirinn
- Gaeilge na hAlban nó na hÉireann, nó a bpobail teanga, a neartú tríd an nasc idir an dá theanga agus a lucht labhartha a chur chun cinn

Chomh maith leis na tosaíochtaí seo tá sé riachtanach nasc soiléir idir Gaeilge na hAlban agus na hÉireann a bheith follasach i ngach iarratas

An dóigh le hiarratas a dhéanamh

Ba cheart d'iarratasóirí labhairt linn chomh luath agus i féidir má bhíonn ceisteanna acu. I ndiaidh sin bacheart an fhoirm iarratais a chomhlánú agus a chur, mar aon leis na dociméid ábhartha, chuig:

colmcille@forasnagaeilge.ie

Tabhair faoi deara, caithfidh cuntas bainc gníomhach a bheith ag iarratasóirí nuair a chuirtear isteach iarratais.